CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 328/2022

an 9 Nollaig 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/1270]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1210 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2022 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm maidir le formáid na liostaí de dhaoine ar an taobh istigh agus na nuashonruithe orthu ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1210 aisghairtear Rialachán (AE) 2016/347 ón gCoimisiún ([2]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid a leanas isteach in ionad théacs phointe 29ae (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/347 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'**32022 R 1210**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1210 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2022 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm maidir le formáid na liostaí de dhaoine ar an taobh istigh agus na nuashonruithe orthu (IO L 187, 14.7.2022, lch. 23).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1210 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 10 Nollaig 2022, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 215/2021 ó Chomhchoiste LEE an 9 Iúil 2021 ([3]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 187, 14.7.2022, lch. 23.
([2]) IO L 65, 11.3.2016, lch. 49.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([3]) Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Nollaig 2022.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Kristján Andri STEFÁNSSON